C/2023/858

8.12.2023

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Straitéis — 'Dróin 2.0'

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2023/858)

Rapóirtéir: **Maurizio MENSI**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.3.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	6.9.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	20.9.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	581
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	215/0/4

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) Straitéis maidir le Dróin 2.0 le haghaidh córais aerárthaí gan foireann (UASanna) a ghlac an Coimisiún Eorpach, agus tá sé i bhfách le cuspóirí an Choimisiúin ina leith, mar atá leas iomlán a bhaint as na UASanna agus deimhin a dhéanamh de go n-úsáidfear iad ar shlí shábháilte fhreagrach.

1.2. Cuireann CESE i bhfios go bhfuil gá le pleanáil réigiúnach agus áitiúil chun margadh na ndrón a thabhairt chun cinn, pleanáil a chuireann 'an tsoghluaisteacht ar éileamh' san áireamh a bhuí le cur chuige ilfhearainn. Is gá, dá bhrí sin, comhordú a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha náisiúnta agus áitiúla.

1.3. Creideann CESE go mbeidh gá le hinfheistíocht leordhóthanach, idir infheistíocht phríobháideach agus phoiblí, chun seirbhísí bunúsacha a thabhairt isteach.

1.4. Creideann CESE go bhféadfadh gnéithe comhtháite talún, aeir agus muirí a bheith ina dtoisc thábhachtach san fhorbairt chríochach. Níor cheart an costas a bhaineann le bainistiú an U-space a ghearradh ar na húsáideoirí aerspáis atá ann faoi láthair (aerlínte, oibreoirí aerárthaí tráchtála).

1.5. Cuireann CESE i bhfios go bhfuil sé ríthábhachtach go ráthófaí ardleibhéal slándála fisiciúla agus cibearshlándála maidir le dróin, go háirithe chun an tslándáil náisiúnta a áirithiú. Ba cheart don chibearshlándáil cosc a chur freisin le cumarsáid UAS a haiceáil agus, dá bhrí sin, le húsáid nó rialú mhailíseach na gcóras aerárthaí sin. Má dhéantar córais chumarsáide UAS a chosaint, cuidiú a bheidh ann chun sláine agus sábháilteacht an aerspáis uirbigh a chothabháil.

1.6. Cuireann CESE i bhfios go bhfuil deis ann foráil a dhéanamh maidir le bainistiú comhoibríoch Eorpach ar shlándáil faisnéise trí ghníomhaíochtaí cur chun cinn agus maoiniúcháin, cuir i gcás ardán Eorpach chun sonraí slándála na ngníomhaithe éagsúla a bhfuil baint acu leis an gcóras nua um shoghluaisteacht aeir a bhainistiú, d'fhonn rioscaí cibearshlándála a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Cur Chun Feidhme 2023/203 ón gCoimisiún [1].

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2022 lena leagtar síos rialacha chun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le bainistiú rioscaí a bhaineann le slándáil faisnéise lena ngabhann tionchar féideartha ar an tsábháilteacht eitlíochta le haghaidh eagraíochtaí a chumhdaítear le Rialacháin (AE) Uimh. 1321/2014, (AE) Uimh. 965/2012, (AE) Uimh. 1178/2011, (AE) 2015/340 ón gCoimisiún, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 agus (AE) 2021/664 ón gCoimisiún, agus le haghaidh údaráis inniúla a chumhdaítear le Rialacháin (AE) Uimh. 748/2012, (AE) Uimh. 1321/2014, (AE) Uimh. 965/2012, (AE) Uimh. 1178/2011, (AE) 2015/340 agus (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 agus (AE) 2021/664 ón gCoimisiún, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1178/2011, (AE) Uimh. 748/2012, (AE) Uimh. 965/2012, (AE) Uimh. 139/2014, (AE) Uimh. 1321/2014, (AE) 2015/340 ón gCoimisiún, agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 agus (AE) 2021/664,(IO L 31, 2.2.2023 lch. 1).

1.7. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach go mbunófaí comhordú cuí idir na húdaráis fhreagracha gan mhoill. Chuige sin, caithfear na córais rialacha agus na rialacháin atá ann cheana a chur ag idirghníomhú le chéile i dtreo go gcaithfear le gníomhaíocht na ndrón mar dhlúthchuid d'earnálacha gnó faoi leith. Agus an rialachas il-leibhéil á chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a ghlacadh chun treoir a thabhairt maidir le forbairt an tionscail seo.

1.8. Ós rud é gur dócha go ndéanfaidh tabhairt isteach an chórais nua um shoghluaisteacht aeir difear do go leor gnéithe dár sochaí agus go bhfágfaidh sé a lorg féin orthu, agus ós gá a áirithiú go mbainfear an tairbhe is mó is féidir as agus go mbeidh glacadh leis i measc an phobail agus i saol na polaitíochta, creideann CESE gur cheart don Aontas páirt a ghlacadh i bpróiseas leathan forbartha inniúlachtaí agus múscailte tacaíochta a mbeidh páirt ag na geallsealbhóirí uile, na hearnálacha tionsclaíocha uile agus an pobal ann. Is é an aidhm atá ann tuiscint a chothú, eolas a chur ar dhearcthaí éagsúla, agus tacaíocht leathan a chothú ar mhaithe le teicneolaíochtaí nua i réimse na soghluaisteachta aeir a chomhtháthú, rud a áiritheoidh go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus mianta na sochaí.

2. **Cúlra**

2.1. I mí na Samhna 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach straitéis maidir le Dróin 2.0, arb é is aidhm di veicteoirí a dhéanamh de na UASanna maidir le hardsoghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe na todhchaí trí leas a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann le digiteáil, leictriú feithiclí nua leictreacha aeriompartha (eVTOLanna), uathoibriú agus na deiseanna i gcoitinne a chuirtear ar fáil de bharr na soghluaisteachta aeir nuálaí.

2.2. Faoi 2030, cuid den ghnáthshaol laethúil a bheidh sna dróin, agus iad ag soláthar seirbhísí éigeandála, íomháithe, cigireachta agus faireachais, chomh maith le seirbhísí iompair paisinéirí agus earraí, ar a n-áirítear seirbhísí iompair gan foireann, a ngabhann oibríochtaí lán-uathoibrithe leo. Mar sin féin, is mór idir na rialacháin maidir le dróin atá i bhfeidhm faoi láthair i mBallstáit an Aontais, agus idir na slite ina n-úsáidtear dróin, rud a fhágann gur gá iad a chomhchuibhiú. Trí chur chuige comhchuibhithe a chur i bhfeidhm, beidh sé níos éasca oibríochtaí trasteorann a dhéanamh, an nuálaíocht a éascú, agus cothrom iomaíochta a chruthú don tionscal ar fud an Aontais.

2.3. Tá sé d'aidhm leis an straitéis creat comhleanúnach a chur ar fáil chun forbairt an mhargaidh drón agus eVTOLanna (VTOL = éirí de thalamh agus tuirlingt cheartingearach) a chothú, a mbeidh dhá chuspóir léi: margadh seirbhísí drón an Aontais a thógáil maille le cumais agus sineirgí thionscail shibhialta, slándála agus chosanta an Aontais Eorpaigh a neartú. Sainaithníodh naoi gcinn déag de bhearta suaitheanta.

2.4. Leagtar amach sa straitéis fís le haghaidh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhargadh drón na hEorpa. Cuireann sí le creat sábháilteachta an Aontais Eorpaigh maidir le riachtanais theicniúla na ndrón a oibriú agus a shocrú, agus leagtar amach inti conas is féidir leis an Eoraip oibríochtaí drón tráchtála ar mhórscála a shaothrú agus deiseanna nua a chur ar fáil san earnáil ag an am céanna ([2]).

Tá an Coimisiún ag cur bonn le beartas cuimsitheach AE maidir le dróin ó 2014 i leith. Áirítear ar an reachtaíocht ábhartha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ([3]) ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ([4]) ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Cur Chun Feidhme 2021/664 ([5]), agus Rialachán (AE) 2021/665 ([6]) agus (AE) 2021/666 ([7]).

2.5. Ó 2003 i leith, tá beagnach EUR 980 milliún infheistithe ag an Aontas i bhforbairt nó in úsáid drón le haghaidh feidhmeanna nuálacha, agus tá maoiniú curtha ar fáil aige le haghaidh 320 tionscadal drón.

([2]) Sna Stáit Aontaithe, mar shampla, tá an tÚdarás Feidearálach Eitlíochta (FAA) ag obair go gníomhach chun dróin a chomhtháthú sa Chóras Náisiúnta Aerspáis. Ar an gcaoi chéanna, tá dul chun cinn nach beag déanta ag tíortha mar Cheanada, an Astráil, an tSeapáin agus an tSín maidir lena dtionscail drón féin agus a gcreataí rialála féin a thabhairt chun cinn.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 45).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/664 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 maidir le creat rialála don U-space (IO L 139, 23.4.2021, lch. 161).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/665 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán cur chun feidhme (AE) 2017/373 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra bainistithe aerthráchta eile san aerspás U-spáis arna ainmniú san aerspás rialaithe (IO L 139, 23.4.2021, lch. 184).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/666 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 923/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais d'eitlíocht foireannaithe a oibríonn san aerspás U-spáis (IO L 139, 23.4.2021, lch. 187).

3. **Barúlacha ginearálta**

A. *Seirbhísí arna sólathar ag dróin*

3.1. Úsáidfear dróin chun seirbhísí iomadúla a chur ar fáil ar mhaithe le húsáideoirí deiridh éagsúla san earnáil shibhialta agus in earnáil na cosanta. Áireofar ar na haeroibríochtaí drón seirbhísí éigeandála, cigireachtaí agus oibríochtaí faireachais agus beidh bailiú sonraí agus seachadadh earraí i gceist leo. Tosóidh seirbhísí nuálacha um Shoghluaisteacht Aeir, cuir i gcás tacsaithe aeir, ar sheirbhísí rialta iompair a sholáthar do phaisinéirí, le píolóta ar bord ar dtús, ach é mar aidhm dheiridh acu a gcuid oibríochtaí a uathoibriú go hiomlán. Is éard a tharlóidh i ndáiríre ná go ndéanfar na seirbhísí drón a ionchorprú sna córais iompair atá ann cheana nó comhlánóidh siad na córais sin agus, rud eile, rannchuideoidh siad le dícharbónú an chórais iompair.

Sa *phlean gníomhaíochta maidir le sineirgí idir an tionscal sibhialta, an tionscal cosanta agus an tionscal spáis*, a glacadh i mí Feabhra 2020, leagadh béim cheana ar an tábhacht a bhaineann le sineirgí idir tionscal na ndrón sibhialta agus tionscal na ndrón cosanta.

3.2. De réir mar a théann teicneolaíocht na ndrón chun tosaigh, tá na haerárthaí sin ag éirí níos coitianta agus níos inacmhainne, rud a fhágann go mbíonn díospóireachtaí ann ina gcuirtear an tairbhe a ghabhann leo i gcomparáid le hábhair imní nua eiticiúla agus dhlíthiúla atá ag teacht chun cinn. Cé gur chun críche míleata amháin a baineadh úsáid as dróin san am atá thart, tá siad sách coitianta anois ([8]).

B. *Na dúshláin a bhaineann le córais aerárthaí gan foireann (UASanna)*

3.3. Is é an dúshlán a bheidh ann sna deich mbliana amach romhainn táirgí nua a thabhairt isteach a mbeidh tionchar íseal acu ar an gcomhshaol agus, ag an am céanna, leibhéil leordhóthanacha chosanta a áirithiú don phobal.

3.4. Is deacair eitilt na ndrón beag a rialáil óir díoltar na mílte díobh gach bliain agus tá fáil orthu go héasca ar an margadh. Mar sin féin, fiú más dróin bheaga atá i gceist, tá rioscaí suntasacha sábháilteachta ag baint leo do shuiteálacha talún, cuir i gcás iostaí breosla. Go dtí seo, níor tharla aon tionóisc thromchúiseach, ach tuairiscíodh gur bhain coirpigh úsáid as dróin cheana chun earraí neamhdhleathacha a thabhairt isteach i bpríosúin. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh, le himeacht ama, ar a oiriúnaí san am i láthair atá na rialacha príobháideachais agus na córais árachais araon lena mbaineann.

3.5. Tá na húdaráis rialtais ag iarraidh na dúshláin sin a shárú le rialáil chuí ([9]), siúd is nach bhfuil ach fíorbheagán creataí rialála náisiúnta i bhfeidhm. Is iomaí riail agus rialachán ann maidir le húinéireacht UAS, áfach, agus tá teicneolaíochtaí éagsúla á n-úsáid cheana féin ag oibríochtaí agus ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun stop a chur le UASanna bradacha. Áirítear ar na roghanna sin trasnaíocht comharthaí chomh maith le UASanna bradacha a ghabháil agus a thabhairt chun talún.

B'fhiú USD 4 bhilliún margadh domhanda na ndrón sibhialta agus míleata in 2015 agus tá rath nach beag air faoi láthair. Measadh i dtuarascáil ó Sheanad na Stát Aontaithe in 2017 go mb'fhiú USD 14 bhilliún é faoi 2025, agus dar le hinstitiúid speisialaithe ([10]) luach USD 72 bhilliún a bheidh leis faoi 2028 agus meánráta fáis bliantúil 14,4 % faoi.

3.6. Níor cheart na costais a bhaineann le bainistiú an U-space a ghearradh ar na húsáideoirí aerspáis atá ann faoi láthair (aerlínte, oibreoirí aerárthaí tráchtála). Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a choinneáil go hiomlán ar leithligh, lena chinntiú go gcuirtear an prionsabal 'íoc mar a úsáidtear' i bhfeidhm: íocann aerlínte as na seirbhísí a fhaigheann siad ó sholáthróirí aerloingseoireachta, agus ba cheart d'oibreoirí drón a bheith ag íoc as na seirbhísí a fhaigheann siadsan freisin. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt air sin leis na ceanglais phraghsála le haghaidh malartuithe sonraí a mhol an Coimisiún san athchóiriú ar SES2+ (Aerspás Eorpach Aonair), d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú maidir le rochtain ar na sonraí is gá agus le praghsáil na sonraí sin.

([8]) Mar shampla, tá ag méadú ar an úsáid a bhaintear as dróin sa talmhaíocht bheacht chun monatóireacht a dhéanamh ar shláinte na mbarr, chun an t-uisciú a bharrfheabhsú, chun galair agus lotnaidí a bhrath, agus chun anailís a dhéanamh ar staid na hithreach. A bhuí leo, is féidir cabhrú le feirmeoirí cinntí sonraíbhunaithe a dhéanamh agus táirgeacht a mbarr a fheabhsú.

([9]) Tá a sraitheanna rialachán féin curtha chun feidhme ag tíortha éagsúla san Aontas maidir le húinéireacht drón, deimhniúchán píolótaí, srianta oibríochtúla agus ábhair imní maidir le príobháideachas. Is éard is aidhm do na rialacháin sin a chinntiú go mbainfear úsáid shábháilte fhreagrach as dróin agus, san am céanna, laghdú a dhéanamh, oiread is féidir, ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don tsábháilteacht phoiblí, don tslándáil agus don phríobháideachas.

([10]) *Global Unmanned Aerial Vehicle Market Insights, Forecast to 2028*, Valuates Report, 2022.

C. *Saincheist an chomhshaoil*

3.7. Tá sráideanna plódaithe agus truailliú le sonrú cheana féin i gcuid de chathracha na hEorpa ([11]). Is amhlaidh atá na húdaráis áitiúla ag déanamh staidéar ar réitigh soghluaisteachta níos cliste, níos glaise, níos comhtháite agus níos inbhuanaithe. D'fhéadfadh an tSoghluaisteacht Aerthráchta Uirbigh (UAM) freastal ar na riachtanais sin. Táthar ag súil leis go mbeidh buntáistí comhshaoil ag baint leis an tSoghluaisteacht Aeir Uirbigh chomh maith le buntáistí don phobal agus do ghnólachtaí, go háirithe chun críocha tráchtála nó éigeandála/leighis.

3.8. Thart ar EUR 4,2 billiún a mheastar a bheidh i méid mhargadh na Soghluaisteachta Aeir Uirbigh san Eoraip, lena n-áirítear Taighde & Forbairt, déantúsaíocht feithiclí, oibríochtaí agus tógáil bonneagair, in 2030, rud is ionann agus an tríú cuid den mhargadh domhanda nach mór. D'fhéadfadh méid measta an mhargaidh thart ar 90 000 post a chruthú nó a choinneáil ar bun in 2030.

3.9. Aithníonn an Coimisiún gur gá glacadh a bheith le dróin ar leibhéal na sochaí má tá ról iomlán le bheith acu a dhéanfaidh leas na ngnólachtaí agus na bpobal áitiúil. Chuige sin, beidh gá le rannpháirtíocht tosaigh iomlán na bpáirtithe uile lena mbaineann ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta chun a áirithiú gur féidir oibríochtaí drón atá sábháilte agus slán a imscaradh, i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon, ar bhealach cothrom inbhuanaithe.

3.10. Chun infheistíocht phríobháideach agus forbairt seirbhísí nuálacha nua a spreagadh i gcás earnálacha éagsúla, ba cheart an deimhneacht dhlíthiúil agus theicniúil a áirithiú. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a eisiúint bunaithe ar chur chuige comhchuibhithe AE i leith infheistíocht a chur chun cinn.

D. *Spreagthaí na straitéise maidir le dróin*

3.11. Tá dhá spreagadh ghaolmhara ann agus dlúthbhaint acu leis an straitéis: margadh seirbhísí drón an Aontais a thógáil mailleis cumais agus sineirgí thionscail shibhialta, slándála agus chosanta an Aontais Eorpaigh a neartú.

3.12. I staidéar a rinne EASA ([12]) maidir le glacadh sochaíoch na Soghluaisteachta Aeir Uirbigh san Eoraip ([13]), cuireadh chun suntais gurb iad na saincheisteanna slándála agus príobháideachais agus cosaint an fhiadhúlra na príomhábhair imní atá ag muintir na hEorpa. Déanfaidh EASA idirchaidreamh leis an gCoimisiún Eorpach agus tacóidh sé leis chun bearta iomchuí a fhorbairt, bídís sistéamach nó teicniúil, chun cosaint an chomhshaoil agus an fhiadhúlra a áirithiú.

3.13. Chun tacú le cur chun feidhme an chreata rialála atá á fhorbairt, tá na tionscnaimh bhreise seo a leanas curtha ar bun ag EASA freisin: Tascfhórsa a bhunú le hionadaithe na mBallstát agus le hionadaithe Eurocontrol chun an cur chuige maidir le deimhniú soláthróirí sheirbhísí an U-space agus soláthróirí aonair comhsheirbhísí faisnéise a chomhchuibhiú; treoirlínte a fhoilsiú maidir le teagmhais a bhaineann le dróin ag aerfoirt a bhainistiú ([14]); agus tacaíocht do na Ballstáit chun díolúintí agus uirlisí bosca gainimh rialála a fhorbairt d'fhonn údaruithe oibríochtúla a fháil.

3.14. Dealraíonn sé gur lú an aird a thugtar sa straitéis ar shaincheisteanna cuir i gcás freagracht, i gcaidreamh gnólacht le gnólacht (B2B) agus i gcaidreamh tomhaltóirí araon, ar a n-áirítear i ndáil le hoibríochtaí trasteorann agus i gcásanna ina bhfuil roinnt modhanna i gceist. Measann CESE go bhfuil sé tábhachtach teacht ar chomhaontú maidir le prionsabail choiteanna an Aontais ina leith sin, lena n-áirítear ar mhaithe leis an gcaidreamh le tríú tíortha, sula dtiocfaidh forbairt ar an margadh le haghaidh seirbhísí soghluaisteachta drón agus lasta.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Le seirbhísí cumasúcháin a bhaineann le Soghluaisteacht Aeir Nuálach, beifear in ann dróin a áireamh freisin sna modhanna iompair atá ar fáil i gceantair uirbeacha agus áitiúla ([15]). Má táthar chun an margadh sin a fhorbairt, beidh gá le pleanáil réigiúnach agus áitiúil, pleanáil a chuirfidh san áireamh critéir atá bunaithe ar 'an tsoghluaisteacht ar éileamh' a bhuí le cur chuige ilfhearainn. Dá bhrí sin, cuireann CESE i bhfios go mbeidh gá le naisc agus comhordú cuí leis na húdaráis náisiúnta agus áitiúla.

([11]) 'Study on the societal acceptance of Urban Air Mobility in Europe', EASA (Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh), 19 Bealtaine 2021.
([12]) Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.
([13]) https://www.easa.europa.eu/sites/default/files/dfu/uam-full-report.pdf
([14]) https://www.easa.europa.eu/en/newsroom-and-events/press-releases/easa-issues-guidelines-management-drone-incidents-airports
([15]) Mar shampla, bhí Heilsincí ina ceannródaí nuair a ghlac sí leis an tsoghluaisteacht ar éileamh. In 2019, rinne sí tionscadal píolótach inar úsáideadh dróin chun samplaí fola agus leighis a iompar ó ospidéal go chéile.

4.2. Tá sé i gceist leis an gcóras nua um shoghluaisteacht aeir an ghné idirmhódúil a fheabhsú tríd an ngné sin a chomhtháthú le córais soghluaisteachta eile, chun líonra solúbtha, cliste agus ribeach a chruthú ar fud na tíre ([16]). Cé gur léir go mbeidh comhtháthú leis an bhfearann talún i gceist, tá an nasc leis an bhfearann uiscebhealaigh inmheánaigh agus muirí chomh tábhachtach céanna.

Beidh gnéithe comhtháite talún, aeir agus muirí ina dtoisc thábhachtach san fhorbairt chríochach. Is é an dúshlán a bheidh ann UASanna a chomhtháthú go sábháilte san aerspás agus taraifí iomchuí a shainiú chun go mbeidh seirbhísí inbhuanaithe agus inacmhainne ann do ghnólachtaí agus d'úsáideoirí. Go háirithe, tá fás faoi mhargadh na ndrón, ach in ainneoin go bhfuiltear ag súil leis go dtabharfar seirbhísí den sórt sin isteach go tapa, tá sé á oibriú amach ag na páirtithe lena mbaineann go fóill cé hiad na hoibreoirí drón a sholáthróidh na seirbhísí san U-space agus cé chomh mór is a bheidh na costais lena mbaineann.

4.3. Tá sé ríthábhachtach go ráthófaí ardleibhéal slándála fisiciúla agus cibearshlándála maidir le dróin, go háirithe chun an tslándáil náisiúnta a áirithiú. Tá feidhm aige sin, thar aon ní eile, maidir le comhpháirteanna teicneolaíochta agus tógála, agus tá gá le nósanna imeachta soláthair atá in ann oiriúnacht na soláthróirí a fhíorú, mar a thug an Coimisiún Eorpach le fios, thairis sin, maidir le líonra agus trealamh 5G, sa mholadh uaidh dar dáta an 26 Márta 2019 ([17]). Ina theannta sin, ní foláir na bogearraí atá i gceist a chosaint chun cosc a chur ar pháirtithe naimhdeacha smacht a ghlacadh ar dhróin agus sonraí a bhailiú ar dhóigh mhíchuí. Dá bhrí sin, is gá a mheas an leor na bearta maidir le cibearshlándáil, na seiceálacha slándála maidir le paisinéirí agus na córais in aghaidh UAS atá ann agus is gá meastóireacht chúramach a dhéanamh ar dhróin a úsáideann IS, faoi rialachán an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga atá ar na bacáin.

4.4. Tugann CESE dá aire i gcás Rialachán (AE) 2023/203 a bhaineann le ceanglais maidir le bainistiú rioscaí a bhaineann le slándáil faisnéise lena ngabhann tionchar féideartha ar an tsábháilteacht eitlíochta le haghaidh eagraíochtaí agus údaráis inniúla, go bhfuil feidhm aige maidir le gníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear soláthróirí sheirbhísí an U-space agus soláthróirí comhsheirbhísí faisnéise, chomh maith le hoibreoirí soghluaisteachta aeir nuálacha. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le bainistiú comhoibríoch Eorpach ar shlándáil faisnéise d'fhonn rioscaí cibearshlándála a bhainistiú.

4.5. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí gníomhaíocht chuí a chomhordú idir na húdaráis fhreagracha gan mhoill. Tá dróin á n-úsáid ag cuideachtaí ar de thionscail éagsúla iad cé nach bhféachann siad orthu féin mar 'cuideachtaí aerloingseoireachta'; mar sin féin, ní mór dóibh idirghníomhú agus comhordú a dhéanamh leis an tionscal aerloingseoireachta traidisiúnta. Beidh ar na húdaráis atá i gceannas ar na hearnálacha gníomhaíochta éagsúla straitéisí, beartais agus cleachtais oibríochtúla a phlé agus a chomhordú le chéile ionas nach constaic ar fhorbairt an mhargaidh a bheidh iontu. Is dúshlán tábhachtach é sin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus ba cheart bearta gaolmhara a bheith ina gcuid lárnach de straitéis an Aontais maidir le dróin 2.0 agus de na straitéisí náisiúnta.

4.6. Mar a thugtar le fios i Straitéis an Aontais maidir le Dróin 2.0, is féidir dróin a úsáid i mbeagnach gach earnáil thionsclaíoch agus shochaíoch agus níl aon teorainn, geall leis, le líon na bhfeidhmeanna a d'fhéadfaí a bhaint astu. Ag an am céanna, d'fhéadfadh sé nárbh fheasach d'earnálacha áirithe an acmhainneacht sin a bheith ann. Ar an gcaoi chéanna, ní mór gné nua a chur san áireamh anois maidir le pleanáil an bhonneagair riachtanaigh ar thalamh agus san aer, agus go pointe áirithe ní fios cén úsáid a bhainfear as an ngné sin ná cad iad na saintréithe a bhainfidh léi. Ar mhaithe leis an leas is fearr is féidir a bhaint as an teicneolaíocht nua sin agus, san am céanna, na rioscaí a ghabhann léi a íoslaghdú, agus ar mhaithe lena áirithiú go mbeidh glacadh poiblí agus polaitiúil léi, ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh i bpróiseas leathan forbartha inniúlachtaí agus múscailte tacaíochta a mbeidh páirt ag na geallsealbhóirí uile, na hearnálacha tionsclaíocha uile agus an pobal ann.

An Bhruiséil, an 20 Meán Fómhair 2023.

An tUachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([16]) Féach tuairim TEN/747 ó CESE *Iompar Idirmhódúil agus Lóistíocht Ilmhódach*, 7 Iúil 2021.(IO C 374, 16.9.2021, lch. 1).
([17]) Moladh (AE) 2019/534 ón gCoimisiún an 26 Márta 2019, Cibearshlándáil líonraí 5G (IO L 88, 29.3.2019, lch. 42).